# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán



Fón: 095 33 613

Feabhra / Márta 2022

A Chairde, tá súil againn go bhfuil sibh i mbarr sláinte agus séasúr an Earraigh ag teannadh linn! Seo chugaibh míreanna nuachta thábhachtach don mhí amach romhainn.

**Leath Lae: 23ú Márta 2022**

Tá scoileanna an cheantair ag dúnadh luath ar an 23ú Márta 2022 chun páirt a ghlacadh i seimineár thraenála maidir le Curaclam Nua na dTeangacha atá foilsithe ag an Roinn Oideachais le gairid. Is féidir gasúir a bhailiú ón scoil ag 12.00in. Ní bheidh bus na scoile ann ag an am sin. Moltar do thuismitheoirí síob abhaile a eagrú do pháistí an bhus ar an lá sin. Schools in the locality will be closing early on the 23rd of March to take part in a training seminar for the New Language Curriculum. Children can be collected from school at 12.00pm. There is no school bus collection at that time so we recommend that parents arrange a different mode of transport home for their children that day.

**Athrú ar Fhéilire na Scoile 2022**

Mar chomhartha ómóis don obair chrua atá curtha isteach ag muintir na hÉireann le linn tréimhse an Chóibhéid, thug an rialtas lá saoire breise, sé sin an 18ú Márta. De bharr go raibh an lá sin tógtha saor ag SNC cheana féin, beidh orainn an lá breise a thógáil ar dháta eile. Tá sé socraithe go dtógfaidh muid an lá sin ag deireadh na scoilbliana, agus go ndúnfaidh muid lá amháin níos túisce, an 22ú Meitheamh le haghaidh saoire an tSamhraidh. As a gesture of thanks for all the hard work and sacrifice that the people of Ireland have endured during the pandemic, the government have given us an extra holiday – the 18th of March. SNC had already arranged that the 18th of March would be a school holiday, therefore we must now take the extra holiday on a different date. SNC will now close for the summer holidays on the 22nd of June to facilitate this change.

**Laghdú Srianta Covid-19**

Tá áthas orainn cur in iúl daoibh go bhfuil laghdú ag teacht le srianta Covid-19. Ón 28ú Feabhra amach, ní gá d'fhoireann scoile ná do pháistí na hArdranganna clúdach aghaidhe a chaitheamh. Is de rogha ag teaghlaigh / foireann maidir leis an gclúdach aghaidhe, má mhothaíonn sibh níos compordaí le clúdach aghaidhe go fóillín, tá sin togha uilig. Tá cead ag na Bunranganna agus na hArdranganna meascadh ar an gclós arís, agus spraoi le chéile. ☺ We are very happy to announce that Covid-19 restrictions are being eased. From the 28th of February onwards school staff and school pupils in the senior classes are not required to wear a face covering. If families/staff feel more comfortable wearing face coverings for the time being that is no problem at all. The Junior and Senior classes can now mix together on the yard and play together again ☺

Tabharfaidh laghdú na srianta deis dúinn dul ar ais go dtí na dea-nósanna a bhí ar siúl againn i gcónaí sa scoil chun cairdeas agus sóisialú a chur chun cinn, chomh maith le níos mó deiseanna cuairt a thabhairt ar ranganna eile le linn an lae! Beidh muid in ann cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí a bheith againn ar láthair na scoile arís freisin. Arís, meabhraíonn muid do phobal na scoile clúdach aghaidhe a chaitheamh más fearr leo. The easing of restrictions will allow us to return to good practices we have always had in place in the school to promote socialisation and friendships, and allow us the opportunity to visit other classrooms throughout the day. We will be allowed to hold parent teacher meetings in the school again. Again, we remind the school community to wear a face covering if preferred.

De bharr go bhfuil Covid-19 fós ag scaipeadh i measc an phobail, beidh an scoil fós ag cloí le dea-chleachtais glanadh agus sláinteachas, i.e. ag níochán na lámha go rialta, ag glanadh dromchlaí boird agus murlán dorais go rialta, ag úsáid na scagairí aeir HEPA, seomraí ranga a aeráil ag am lóin agus araile. Beifear fós ag úsáid an spás aonrúcháin sa scoil más rud é go bhfuil páiste tinn ar scoil. Le bhur dtoil, cur an Príomhoide ar an eolas ar an bpointe má tá Covid-19 ar do pháiste. It is important to remember that even though the restrictions have been eased, Covid -19 is still spreading among the community. Recommended practice regarding cleaning and hygiene are still in place, i.e. regular handwashing, cleaning of surfaces and door handles, use of HEPA Air filters in classrooms, regular ventilation of classrooms etc. If a child is ill at school, the isolation area will be in use as before. Please ensure you inform the Principal immediately if your child has Covid -19.

- ✓ Má cheapann tú go bhfuil do pháiste tinn, iarraimís oraibh iad a choinneál sa mbaile agus úsáid a bhaint as na tástálacha antaigine atá ar fáil saor in aisce ag an nasc seo / If your child is feeling unwell, we ask you to please keep them at home and make use of the free antigen test that you can free of charge at this link:
  https://www.hse.ie/antigentesting/

- ✓ Má tá Covid-19 ag do pháiste, tá gá fós le féin-aonrú ar feadh 7 lá. Níos mó eolais ag an nasc seo / If your child has Covid-19, they are required to isolate for 7 days. More information at this link:
  https://tinyurl.com/yf9nr225

**Lá Domhanda na Leabhair Déardaoin 3ú Márta**

Mar chéiliúradh ar deireadh le srianta Covid-19, beidh ciorcal leabhair againn le gach rang Déardaoin, 3ú Márta ar Lá Domhanda na Leabhair. Bheadh sé go deas dá mbeadh na páistí inann cuisín/piliúr agus an leabhar is fearr leo a thabhairt isteach leo ar an lá. Tá cead gléasadh suas sa gcarachtair is fearr leat más mian leat! To celebrate the easing of Covid- 19 restrictions, we will have a reading circle with all classes in school on Thursday the 3rd of March for World Book Day. We ask that children bring a pillow/cushion to sit on and their favourite book if possible for this. The children can dress up as their favourite character if they wish!

**Garraíodóireacht sa scoil: Dé Luain, 7ú Márta**

Beidh Áine Ní Fhlatharta ag obair le gach rang ar an 7ú Márta ón gComhairle Oidhreachta. Beidh muid ag foghlaim faoi ghlasraí agus iad a chur i ngarraí glasraí na scoile. Moltar sean bhróga / wellies & sean treabhsar / t-léinte ar an lá de bharr salachar agus puiteach… beidh muid ag garraíodóireacht! De bharr go mbeidh muid taobh amuigh dean cínnte go mbíonn eadaí te teolaí ar do phaiste agus bíodh péire míotóga garraíodóireachta acu chomh maith. ☺ Áine Ní Fhlatharta from the Heritage Council work with each class on the 7th of March. We will learn about vegetables and we will plant some seeds/veggies in the school garden. We recommend old shoes/ wellies and old trousers/t-shirts and jumpers as it may get a bit mucky… we will be gardening! As we will be outside, please ensure that your child is dressed very warmly and also that they bring a pair of gardening gloves. ☺

**An Chéad Fhaoistin: Dé hAoine 11ú Márta**

Tá lá speisialta ag Rang a 2 & 3 go luath! Tá siad ag súil go mór an Chéad Fhaoistin a dhéanamh leis an tAthair Shane ar an Aoine, 11ú Márta ag 2 i.n. Is searmanas gearr a bheidh ann. Tá fáilte roimh thuismitheoirí a bheith i láthair agus is féidir dul abhaile ina dhiaidh. Rang a 2 & 3 will have a very special day shortly! They are really looking forward to making their first confession with Father Shane, Friday the 11th of March at 2pm. It will be a short ceremony. Parents are welcome to the ceremony and children can go home directly after the ceremony.

**An Cóineartú: Dé hAoine 25ú Márta**

Tá lá speisialta ag Rang a 4 & 5 chomh maith! Tá an Cóineartú á chéiliúradh acu leis an tAthair Shane ar an Aoine 25ú Márta, ag 12 meánlae i Séipéal Chill Chiaráin. Beidh gasúir Scoil na hAirde Móire linn ar an lá freisin. Tá na gasúir agus Múinteoir Cáit ag obair go crua le cupla seachtain anuas ag ullmhú don lá speisialta. Iarrtar ar pháistí an Chóineartaithe cleachtadh a dhéanamh ar a gcuid amhráin agus páidreacha don searmanas. Beidh muid ag canadh, ag casadh uirlisí agus is cinnte go mbeidh lá álainn againn. Beidh níos mó eolais faoi shocruithe suíocháin agus araile sa séipéal ag teacht go luath. Rang a 5 & 6 will also be having a very special day. They will be celebrating their Confirmation with Father Shane on Friday the 25th of March, at 12pm i Séipéal Chill Chiaráin. We will be joined by children of Scoil na hAirde Móire. The children and Múinteoir Cáit are working hard preparing for the ceremony. Children are asked to practice their prayers and songs at home. We are very excited to sing and play music at the ceremony, it is certain we will have a lovely day. More information will be sent home shortly regarding seating arrangments ect.

**Paráid Lá Pádraig: 17ú Márta**

Tá cuireadh fáighte ag Scoil Naomh Ciarán bheith páirteach sa pháráid i mbliana agus is orainn atá an gliondar gur féidir linn a bheith ann! Tá gasúir na hArdranganna ag ullmhú agus ag réiteach maisiúcháin don pharáid, bunaithe ar théama na gCluichí Oilimpeacha. Iarrtar ar pháistí na scoile (gach rang) a bheith ag an

scoil ag 12.45 i.n. chun na maisiúcháin a bhailiú. Ár míle buíochas le Coiste na dTuismitheoirí atá ag obair le Coiste Féilte Chill Chiaráin. Nóta ón gCoiste anseo / The school has been invited to take part in this years' Saint Patricks Day parade and we couldn't be more excited and delighted that we can take part. The children from the senior classes are preparing decorations for the parade, based on the theme The Olympics. Children are asked to be at the school at 12.45 p.m. to collect the decorations. Our warmest thanks to the Parents Committee who are working with Coiste Féilte Chill Chiaráin to make all this happen. Please see note from Parents Committee below:

**Tá súil againn páirt a ghlacadh sa bParáid i mbliana.**
**Tiocfaidh muid le chéile ag an scoil ag 12.45 Lá Pádraig.**
**Tá súil againn go mbeidh sibh uilig in ann a bheith ann ar an lá. ☘☘**

### Seachtain na Gaeilge: 01- 17ú Márta

Beidh neart imeachtaí éagsúla ar siúl againn in san scoil i mbliana do Sheachtain na Gaeilge. Beidh comortáis agus imeachtaí éagsúla á n-eagrú ag na múinteoirí uilig do na páistí. Beidh comortás ealaíne do na ranganna uilig. Beidh neart ceol, damhsa, toraíocht taisce agus spraoi i rith na coicíse ☺ Ba bhreá linn bhur gcabhair agus bhur dtacaíocht mar is gnáth ag spreagadh agus ag cur chun cinn na Gaeilge i gclós na scoile agus sa bhaile. The teachers are planning a wide range of activities for Seachtain na Gaeilge, including competitions and various other exciting events. We will have an art competition for all classes. There will be plenty music, dance, treasure hunts and fun during the fortnight ☺ As always we would really appreciate your help and support in promoting and encouraging Gaeilge in the school yard and at home.

### Scéim Aitheantais mar Scoil sa Ghaeltacht

Tá muid fós ag obair go crua ar an Scéim Aitheantais agus tá súil againn go mbeidh gach eolas faoi imeachtaí agus gníomhaíochtaí na scoile ar an suíomh idirlíon go luath. Tá an scoil i mbun Plean Feabhsúcháin Scoile don Ghaeilge a chur i dtoll a chéile, agus beidh Éabha ag cur ceistneoirí ar na gasúir, foireann na scoile agus ar thuismitheoirí chun tuairimí pobal na scoile a mheas. Ba mhór againn bhur rannpháirtíocht ar leas na Gaeilge sa scoil. We are still working diligently on our Scéim Aitheantais and we hope to have a section on the school website shortly. A School Self Evaluation is currently taking place, and Éabha will distribute surveys to the children/parents and staff to assess the school community's opinions. We sincerely appreciate your participation in this survey for the development of Gaeilge in the school.

### Club Obair Bhaile

Tá súil againn é seo a thosú arís sa scoil sna míonna amach romhainn. Beidh ranganna 2 – 5 in ann freastal ar an gclub. Beidh níos mó eolais faoi ag teacht go luath. We are hoping to begin homework club again in the coming months. Rang a 2 – 5 can attend the club. More information will be avaliable shortly regarding this.

### Scoileanna Glasa: Téama – Ag Sábháilt Uisce

Tá muid ag oibriú ar ár gcéad Bhrat Glas eile a aimsiú. Is é an téama atá muid ag obair ar faoi láthair ná "Uisce". Tá muid ag meabhrú do na gasúir go bhfuil go leor bealaí ann chun laghdú ar an méid uisce a chuireann muid amú. Cás dhó an sconna – ná lig d'uisce a bheith ag rith le fána, ná caith iomarca ama in sa chith. Tá muid ag diriú isteach freisin ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú nach bhfuil muid ag truailliú ár gcuid uisce mar shampla, coinnigh an trá glán. Tá comortás postaer ar siúl in san scoil i láthair na h-uaire agus na páistí ag dearadh postaeir chun tábhacht uisce a shábhailt a leiriú.

Beidh comortás eile againn in sna seachtainí amach romhainn maidir le mana scoile a chumadh a chuireann in iúil an tabhacht atá le huisce a shábhailt. Beidh roinnt rudaí difriúla maidir le téama an uisce ag teacht abhaile ag na páistí in sna filteáin obair bhaile de bharr go bhfuil muid ag iarraidh go mbeidh na dea-chleachtais seo ar siúl againn ar scoil agus sa bhaile chun uisce a shábhailt. Tá muid fíor bhuíoch as bhur gcuid tacaíochta uilig leis seo.

We are currently working towards acquiring our next Green Flag. The theme we are currently working on is Water. We are learning that there are many ways to reduce the amount of water we waste. Turn off the tap when brushing your teeth, don't spend too long in the shower. We are also focusing on the importance of not polluting our water e.g. keeping our beaches clean. We are currently running a poster competition where children must design a poster based on our theme, "Water".

We will also have another competition in the coming weeks where the children will be asked to compose a school motto to promote saving water. Watch out for various homework activities based on "Water" from time to time. We would like the children to be able to share the good practices we have put in place in school in the home too. We really appreciate all your help and support with this.

## An Clár Bí Sábhailte / Be Safe Programme (OSPS / SPHE)

Beidh an clár Bí Sábhailte á dhéanamh le gach rang idir seo agus deireadh mí Aibreáin. Beidh roinnt eolais á sheoladh abhaile faoi seo in am tráth. Tá téamaí éagsúla le foghlaim ag gach rang, agus curtha in oiriúint d'aois agus aibíocht na bpáistí. Níl cead ag na hArdranganna ábhar na gceachtanna a phlé le páistí níos óige, agus cuirfear i gcuimhne é seo do na hArdranganna níos gaire don am. The Stay Safe Programme will be taught in school between now and the end of April. Information regarding this programme will be sent home in the coming weeks. The programme is designed to be class and age appropriate and each class will have various themes to learn about. This means that older classes are not allowed to discuss lesson content with younger children. We will remind the senior classes of this closer to the time.

## Oideachas Caidrimh & Gnéasachachta / Relationships & Sexuality Education (OSPS / SPHE)

Beidh tús á chur le ceachtanna Oideachas Caidrimh & Gnéasachta sa scoil idir seo agus saoire na Cásca. Beidh níos mó eolais á sheoladh abhaile againn nuair a bheidh na ceachtanna ag tosnú. Mar atá thuasluaite maidir le Bí Sábháilte, níl cead ag páistí na hArdranganna ábhar na gceachtanna seo a phlé le páistí níos óige.
The Relationships and Sexuality Education Programme will be taught in the school between now and Easter. More information regarding lesson content will be sent home closer to the time. As mentioned above regarding Stay Safe, children in senior classes are not allowed to discuss lesson content with younger children.

## Polasaí Bia Sláintiúil

Ba mhaith linn meabhrú daoibh arís go bhfuil polasaí bia sláintúil i bhfeidhm sa scoil. Níl cead cnónna ar láthair na scoile. Chomh maith leis sin níl cead criospaí, milseáin ná brioscaí. Ó am go h-am bíonn cóisir againn ar scoil, ach ar an iomlán is mian linn dea-chleachtais an bhia folláin a chur i bhfeidhm. Tá cóip den pholasaí foilsithe ar shuíomh idirlíon na scoile.
We remind the school community that a healthy eating policy is in place in the school. Nuts are not allowed in school, as well crisps, sweets or biscuits. From time to time we do have special occasions and parties, but on the whole healthy eating will be encouraged as much as possible. A copy of the policy can be found on the school's website.

Gach rath ar an obair! Le gach uile dea-ghuí,





______________________________

Éabha Ní Chualáin, Príomhoide.